Cuntas Leithreasa 2019

# Vóta 32

# Gnó, Fiontair agus Nuálaíocht

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 32, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 ar thuarastail agus ar speansais Oifig an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, le haghaidh íocaíocht fóirdheontas agus deontas áirithe, agus le haghaidh íocaíocht deontas áirithe faoi scéimeanna atá teoranta ó thaobh airgead tirim de.

Cuirtear toradh an chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna

a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2019, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair do chaiteachas le haghaidh na bliana, agus
b) a cuireadh ar fáil le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil in 2019 as leithreasuithe 2018 nár caitheadh, faoi na socruithe um ghéilleadh iarchurtha a bunaíodh le hAlt 91 den Acht Airgeadais 2004.

Tá barrachas €54.275 milliún dlite lena thabhairt suas don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, tabharfar €42.15 milliún anonn lena chaitheamh in 2020 agus déanfar €12.125 milliún a ghéilleadh leis an Státchiste.

Tá an Ráiteas faoi na Beartais agus na Prionsabail Chuntasaíochta agus nóta 1 go 6 mar chuid den chuntas.

## An Ráiteas faoi Bheartais agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir leis an gcuntas leithreasa a chur ar fáil, i bhfeidhm agus an cuntas seo á ullmhú.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras um rialú inmheánach airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm go ndéanfaidh an Roinn córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a choimeád agus a oibriú.

Tugaim faoin bhfreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní thugann aon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach dearbhú réasúnta seachas dearbhú iomlán go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifead mar is cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí a chosc nó go mbraithfí go tráthúil iad. Próiseas leanúnach is ea an córas um rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Seirbhísí Comhroinnte***

Chomhlíon mé mo fhreagrachtaí maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Chomhroinnte maidir le soláthar seirbhísí comhroinnte párolla agus acmhainní daonna.

Braithim ar litir um dhearbhú ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil na rialuithe cuí á bhfeidhmiú i soláthar na seirbhísí comhroinnte don Roinn.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina gcuimsítear na gnéithe seo a leanas:

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal na bainistíochta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ar gach leibhéal ina bhfuil freagracht sannta i gcomhair bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun beart ceartaitheach cuí a chinntiú
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom maidir le mo fhreagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh
- Taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh na bpríomhphróiseas gnó go léir.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligthe agus cuntasachta, agus go háirithe go bhfuil

- córas cuí buiséadaithe ann le buiséad bliantúil a ndéanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithniú rialta air.
- tá athbhreithnithe rialta á ndéanamh ag an lucht bainistíochta sinsearaí ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear an fheidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí.
- tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn.
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- tá treoirlínte rialaithe cuí d'infheistíocht chaipitiúil agus disciplíní foirmiúla um bainistíocht tionscadail ann.

***Comhlíonadh soláthair***

Cinntíonn an Roinn go bhfuil fócas cuí ar an dea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha go léir a chinntiú. Chloígh an Roinn leis na treoirlínte seachas sé chonradh a ndeachthas isteach iontu dar luach €538,646 (gan CBL san áireamh) a bhí liostaithe i mo thuairisceán bliantúil i ndáil le Ciorclán 40/2002. Is iad seo a leanas sonraí maidir leis na conarthaí neamhchomhlíontacha:

- Bhain conradh amháin le ceannach seirbhísí aistriúcháin dar luach €75,681 a theastaigh ó chomhlachtaí caidrimh thionsclaíoch na Roinne. Cé nárbh fhéidir soláthar na hOifige um Sholáthar Rialtais a thabhairt i gcrích don tseirbhís sin in 2019, tionscnaíodh próiseas soláthair iomaíoch don tseirbhís a theastaigh i mí an Mhárta 2020.
- Bhain an dara conradh le síneadh le tacaíocht agus cothabháil chonartha le haghaidh córas criticiúil TFC in Oifig um Chlárú Cuideachtaí na Roinne dar luach €265,424. Síneadh an conradh ar feadh bliain amháin eile i mí Mheán Fómhair 2019 toisc go raibh sé riachtanach a chinntiú go mbeadh tacaíocht fós ag an Oifig i ndáil le caillteanas córais ar bith go háirithe don tréimhse a theastaigh chun forbairt a Tionscadail um Athnuachan ar an gCóras TF a chur i gcrích.
- Bhain an tríú páirtí le ceannach páipéarachais oifige riachtanach ag an Roinn dar luach €44,333. Bhain deacrachtaí ar leith do chreat ginearálta an OSR a bhain le hearraí agus soláthairtí páipéarachais a sholáthar mar gheall ar luaineacht ollmhór sa mhargadh, a d'fhág go raibh praghsanna neamh-inbhuanaithe. Tá tús curtha ag an OSR le hobair chun creat dara glúine a thabhairt chun cinn, atá le cur i bhfeidhm fós. Agus creat treorach in easnamh, táthar ag leanúint ar aghaidh le riachtanais phráinneacha ghnó na Roinne agus ár nOifigí a chomhlíonadh. Dá réir sin, b'éigean roinnt páipéarachais a sholáthar sa dara cuid de 2019 trasna na Roinne agus a hOifigí. Níl aon amhras ann ach go bpléifidh an Roinn leis an gcreat dara glúine agus earraí is seirbhísí dá leithéid á soláthar amach anseo a luaithe is a bheidh an creat tugtha chun críche.

- Bhain an ceathrú conradh le ceannach seirbhísí slándála riachtanacha do cheann de chomhlachtaí rialála na Roinne dar luach €81,184. B'éigean síneadh 12 mhí a chur leis an gconradh sin toisc go raibh moill nach rabhthas ag súil léi ann maidir le próiseas soláthair an OSR do sheirbhísí dá leithéid a chur i gcrích. Nuair a críochnaíodh próiseas an OSR, foirceannadh an conradh ansin.
- Bhain an cúigiú conradh le seomraí arna bhfruiliú ag ceann de na comhlachtaí caidrimh thionsclaíoch a oibríonn faoi choimirce na Roinne chun críocha imscrúdú a dhéanamh ar chásanna um chaidreamh tionsclaíoch i réigiún theas na tíre ar bhain luach €29,624 leis. Tá an Roinn ag obair le hOifig na nOibreacha Poiblí chun buan-áitreabh úr a dhaingniú sa réigiún lena mbaineann lena chur ar chumas an chomhlachta imscrúduithe dá leithéid a óstáil agus táthar ag súil go mbeadh sé ar fáil am éigin in 2020. Idir an dá linn déanann an comhlacht cleachtadh rialta thart ar gach sé seachtaine trína lorgaíonn sé meastacháin le haghaidh fruiliú seomraí dá imscrúduithe/éisteachtaí.
- Bhain an séú conradh leis an ngá a bhí le saineolas dlíthiúil riachtanach a fháil do cheann de na comhlachtaí caidrimh thionsclaíoch a fheidhmíonn faoi choimirce na Roinne ar bhain luach €42,400 leis. Bhí deacrachtaí áirithe ag an gcomhlacht lena mbaineann maidir le ball foirne a earcú ag a raibh an saineolas riachtanach sa réimse sin. Idir an dá linn bhí sé riachtanach go mbeadh an comhlacht fós ábalta teacht ar thacaíocht dhlíthiúil. Dá réir sin, chuathas isteach i gconradh le duine aonair ag a raibh sainscileanna uathúla agus an taithí a theastaigh chun an tacaíocht dhlíthiúil a theastaigh a chur ar fáil don chomhlacht. D'éirigh leis an gcomhlacht le déanaí le ball foirne a earcú ag a bhfuil an saineolas dlíthiúil riachtanach agus tá an comhaontú leis an gconraitheoir á fhoirceannadh.

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn ina bhfuil pearsanra ag a bhfuil an oiliúint chuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá ceadaithe agamsa. Cuirtear bonn eolais faoin obair le hanailís ar na rioscaí airgeadais atá le sárú ag an Roinn agus tá a pleananna iniúchóireachta inmheánaí bliantúla, arna gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach go leanúnach thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go bpléifear le tuairiscí ón bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí.

***Creat riosca agus rialaithe***

Chuir an Roinn córas bainistíochta riosca i bhfeidhm trína sainaithnítear agus trína dtuairiscítear na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis sin agus, a mhéid is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm trína sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú de réir a suntasachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn ráithiúil. Baintear úsáid as toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go ndéanfar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagracht leis as oibriú rialuithe do bhaill foirne faoi leith.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, más ábhartha, in am agus i dtráth. Deimhním gur sainaithníodh na príomhrioscaí agus na rialuithe lena mbaineann agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar na príomhrialuithe sin agus easnaimh ar bith a shainaithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca. Maidir le monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais, cuirtear bonn eolais faoi le hobair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht bainistíochta sinsearaí laistigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais***

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais maidir le 2019 a raibh cailliúint ábhartha, nó a bhféadfadh go mbeadh cailliúint ábhartha, mar thoradh orthu.

**An Dr Orlaigh Quinn**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta

31 Márta 2020

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 32 Gnó, Fiontair agus Nuálaíocht

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 32 Gnó, Fiontar agus Nuálaíocht don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 32 Gnó, Fiontar agus Nuálaíocht don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*. Níl baint ná páirt agam le Gnó, Fiontar agus Nuálaíocht agus tá comhlíonta agam na freagrachtaí eile atá orm ó thaobh eitice de de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, tá cur síos déanta orthu sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

23 Meán Fómhair 2020

# Vóta 32 Gnó, Fiontair agus Nuálaíocht

## Cuntas Leithreasa 2019

| | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar sna meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas ar an gclár** | | | | | |
| A | Poist agus Forbairt Fiontar | | | | |
| | *Meastacháin bhunaidh* | 465,986 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 20,800 | | | |
| | *Meastacháin fhorlíontacha* | (7,054) | | | |
| | | | 479,732 | 439,362 | 392,272 |
| B | Nuálaíocht | | | | |
| | *Meastacháin bhunaidh* | 398,440 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 6,800 | | | |
| | *Meastacháin fhorlíontacha* | 11,279 | | | |
| | | | 416,519 | 411,206 | 368,697 |
| C | Rialáil | | | | |
| | *Meastacháin bhunaidh* | 85,811 | | | |
| | *Meastacháin fhorlíontacha* | (4,224) | | | |
| | | | 81,587 | 78,700 | 76,001 |
| **Caiteachas comhlán** | | | | | |
| | *Meastacháin bhunaidh* | 950,237 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 27,600 | | | |
| | *Meastacháin fhorlíontacha* | 1 | | | |
| | | | **977,838** | **929,268** | **836,970** |
| | *Asbhain* | | | | |
| D | **Leithreasaí i gcabhair** | | **53,272** | **58,977** | **57,725** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Meastacháin bhunaidh* | 896,965 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 27,600 | | | |
| | *Meastacháin fhorlíontacha* | 1 | | | |
| | | | **924,566** | **870,291** | **779,245** |

**Barrachas**

Tá barrachas an mhéid arna chur ar fáil thar an méid arna chur i bhfeidhm dlite le tabhairt suas don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán aon leithreasaí gan chaitheamh, nó cuid díobh, le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil a thabhairt ar aghaidh lena gcaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin. Tugadh leithdháiltí gan chaitheamh dar luach €42.15 milliún maidir le gnéithe caipitil fhotheidil A.7, A.8, A.16, B.4, B.5 & B.9 ar aghaidh go dtí 2020.

| | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas | 54,274,812 | 39,715,758 |
| Géilleadh iarchurtha | (42,150,000) | (27,600,000) |
| **Barrachas le géilleadh** | **12,124,812** | **12,115,758** |

**An Dr Orlaigh Quinn**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta

31 Márta 2020

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas maidir leis an gCostas Oibriúcháin 2019

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas cláir | | 893,271 | 802,046 |
| Pá | | 27,262 | 26,095 |
| Neamhphá | | 8,735 | 8,829 |
| **Caiteachas comhlán** | | **929,268** | **836,970** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **58,977** | **57,725** |
| **Glanchaiteachas** | | **870,291** | **779,245** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid | (1,818) | | |
| Dímheas | 1,838 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 1 | 21 | (424) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (134) | | |
| Laghdú ar an stoc | 32 | (102) | 2,218 |
| **Caiteachas díreach** | | **870,210** | **781,039** |
| **Caiteachas a íocadh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (airgead tirim) (nóta 1.1) | | 23,779 | 24,044 |
| Cíosanna barúlacha (neamhairgead) | | 2,847 | 2,857 |
| **Glanchostas an chláir** | | **896,836** | **807,940** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 32 a íocadh in áiteanna eile.

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 96 | 97 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 19,432 | 18,786 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 3,814 | 4,711 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 102 | 101 |
| An Príomh-Chiste – Pinsin na nAirí | | 335 | 349 |
| | | **23,779** | **24,044** |

## Nóta 2 Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2019

| | Nóta | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 7,502 | 7,523 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | | 47,246 | 12,549 |
| Stoic | 2.2 | 199 | 231 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.3 | 862 | 909 |
| Réamhíocaíochtaí | | 1,764 | 1,504 |
| Ioncam fabhraithe | | 520 | 571 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | 50,591 | 15,764 |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 762 | 1,113 |
| Ioncam iarchurtha | | 4,306 | 3,880 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.4 | 4,430 | 3,822 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.5 | 43,678 | 9,636 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | 53,176 | 18,451 |
| **Glansócmhainní reatha** | | (2,585) | (2,687) |
| **Glansócmhainní** | | **4,917** | **4,836** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas um maoiniú Stáit** | 2.6 | **4,917** | **4,836** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus feistis | Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2019 | 35,635 | 3,789 | 2,348 | 41,772 |
| Breiseanna | 604 | 82 | 1,132 | 1,818 |
| Tugtha in úsáid sa bhliain | 693 | — | (693) | — |
| Diúscairtí | (3,554) | (647) | — | (4,201) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2019 | 33,378 | 3,224 | 2,787 | 39,389 |
| | | | | |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2019 | 30,908 | 3,341 | — | 34,249 |
| Dímheas don bhliain | 1,765 | 73 | — | 1,838 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (3,553) | (647) | — | (4,200) |
| Dímheas carntha amhail an 31 Nollaig 2019 | 29,120 | 2,767 | — | 31,887 |
| | | | | |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2019** | **4,258** | **457** | **2,787** | **7,502** |
| | | | | |
| Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2018 | **4,727** | **448** | **2,348** | **7,523** |

## 2.2 Stoic

| amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Páipéarachas | 127 | 157 |
| Soláthairtí TF | 64 | 56 |
| Ábhair ghlantacháin | 8 | 18 |
| | **199** | **231** |

## 2.3 Iarmhéideanna dochair eile

| amhail an 31 Nollaig | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Réamhíocaíochtaí le hOifig na nOibreacha Poiblí | | 227 | 109 |
| Iarmhéideanna dochair ilghnéitheacha | | 502 | 575 |
| Caiteachas inghnóthaithe: | | | |
| Taisteal | 37 | | |
| Seirbhísí comhroinnte | 96 | | |
| | | 133 | 225 |
| | | **862** | **909** |

## 2.4 Iarmhéideanna sochair eile

amhail an 31 Nollaig

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Méideanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 946 | 1,466 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 517 | 56 |
| Cáin maoine áitiúla | 7 | — |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 106 | 82 |
| Cáin bhreisluacha ar éadálacha laistigh de AE | 79 | 79 |
| An muirear sóisialta uilíoch | 179 | — |
| | 1,834 | 1,683 |
| Sciar na dtáillí athnuachana paitinní atá iníoctha le hOifig Eorpach na bPaitinní | 1,720 | 1,618 |
| Íocaíochtaí foirne | 147 | 81 |
| Dliteanas pinsin fostaithe | 92 | 40 |
| Tuarastail inghnóthaithe | 133 | 142 |
| Iarmhéideanna ilghnéitheacha eile | 504 | 258 |
| | **4,430** | **3,822** |

## 2.5 Glanmhaoiniú Státchiste

| amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Barrachas le géilleadh | 12,125 | 12,116 |
| Géilleadh iarchurtha | 42,150 | 27,600 |
| Deontas státchiste neamhtharraingthe | (10,597) | (30,080) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | 43,678 | 9,636 |
| **Léirithe ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 47,246 | 12,549 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 862 | 909 |
| | 48,108 | 13,458 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,834) | (1,683) |
| Iarmhéideanna sochair eile | (2,596) | (2,139) |
| | (4,430) | (3,822) |
| | **43,678** | **9,636** |

## 2.6 Cuntas um maoiniú Stáit

| | Nóta | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | 4,836 | 6,530 |
| Íocaíochtaí amach ón Vóta | | | | |
| Soláthar sna meastacháin | Cuntas | 924,566 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (42,150) | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (12,125) | | |
| Glanvóta | | | 870,291 | 779,245 |
| Costais feistithe agus troscán a sholáthair Oifig na nOibreacha Poiblí | | | — | 100 |
| Caiteachas (airgead tirim) a íocadh in áiteanna eile | 1.1 | | 23,779 | 24,044 |
| Caiteachas neamhairgid – cíos ainmniúil | | | 2,847 | 2,857 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (896,836) | (807,940) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **4,917** | **4,836** |

## 2.7 Ceangaltais

| **a) Ceangaltais dhomhanda [a]** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 190,494 | 148,454 |
| Cláir dheontas neamhchaipitil | 1,550 | 1,241 |
| Cláir dheontas caipitil | 1,819,969 | 1,471,877 |
| **Iomlán na gceangaltas infhorghníomhaithe le dlí** | **2,012,013** | **1,621,572** |

Nóta [a] Áirítear leis ceangaltais a mhaoineofar ó ioncam acmhainní dílse arna ghiniúint ag comhlachtaí Stáit atá faoi choimirce na Roinne.

| **b) Cláir dheontas neamhchaipitil** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| | | |
| Iarmhéid tosaigh | 1,241 | 1,025 |
| Deontais íoctha sa bhliain | (13,103) | (11,321) |
| Ceangaltais deontais nua | 13,494 | 11,556 |
| Deontais a cuireadh ar ceal | (82) | (19) |
| Iarmhéid deiridh | **1,550** | **1,241** |

| **c) Cláir dheontas caipitil** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| | | |
| Iarmhéid tosaigh | 1,471,877 | 1,411,456 |
| Deontais íoctha sa bhliain | (566,665) | (519,433) |
| Ceangaltais deontais nua | 995,310 | 716,027 |
| Deontais a cuireadh ar ceal | (80,553) | (136,173) |
| Iarmhéid deiridh | **1,819,969** | **1,471,877** |

**d) Mórthionscadail chaipitil**

Taispeántar thíos na deontais chaipitil lenar bhain caiteachas €10 milliún nó níos mó.

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2018 | Caiteachas in 2019 | Ceangaltais tionscadal i mblianta ina dhiaidh sin | Saolré iomlán ionchais caiteachais ar thionscadal 2019 | Saolré iomlán ionchais caiteachais ar thionscadal 2018* |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ceangaltais na Gníomhaireachta** | | | | | |
| ÚFT Éireann (A5) | 1,666 | 22,060 | 68,600 | 92,326 | 80,526 |
| Fiontraíocht Éireann (A7) | 322,843 | 50,352 | 133,705 | 506,900 | 454,807 |
| Fondúireacht Eolaíochta Éireann (B4) | 290,407 | 74,631 | 423,079 | 788,117 | 454,434 |
| Fiontraíocht Éireann (B4) | 32,657 | 5,755 | 25,144 | 63,556 | 40,095 |
| **Ceangaltais na Roinne** | | | | | |
| Clár taighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (*PRTLI*) (B5) | 153,188 | 3,727 | 610 | 157,525 | 155,970 |
| *INTERREG* (A10) | 2,457 | 4,277 | 14,266 | 21,000 | 21,000 |
| | **803,218** | **160,802** | **665,404** | **1,629,424** | **1,206,832** |

*Ní áirítear leis tionscadail a críochnaíodh faoi dheireadh 2018.

**Difríochtaí suntasacha**

I gcás go raibh méadú/laghdú os cionn €500,000 ar chaiteachas cláir ó 2018 go 2019, tugtar míniú mar a leanas:

**ÚFT Éireann (A5)**

*Méadú ar an gcaiteachas iomlán ionchais: €11.8 milliún*

Le linn 2019 faomhadh deontas úr sa chatagóir do chliantchuideachta dar luach €11.8 milliún ar an iomlán.

**Fiontraíocht Éireann (A7)**

*Méadú ar an gcaiteachas iomlán ionchais: €52 milliún*

Bhí an méadú mar gheall ar ghlanmhéadú €1 mhilliún ar luach an cheangaltais ar dhá thionscadal agus ceithre thionscadal úra dar luach €51 milliún.

**Fondúireacht Eolaíochta Éireann (B4)**

*Méadú ar an gcaiteachas iomlán ionchais: €334 milliún*

Baineann an méadú go príomha le dhá thionscadal déag úra maidir le hionaid taighde in 2019, rud a chruthaigh ceangaltas €335 milliún a fritháiríodh le laghdú i luach tionscadail amháin dar luach €1 mhilliún ar an iomlán.

**Clár taighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (B5)**

*Méadú ar an gcaiteachas iomlán ionchais: €1.6 milliún*

Baineann an méadú go príomha le méadú ar luach an cheangaltais do thionscadal amháin.

## 2.8 Dliteanais aibithe

| amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Meastachán na ndliteanas aibí nár urscaoileadh ag deireadh na bliana | 128 | 301 |

## 2.9 Dliteanais theagmhasacha

Soláthraítear sa Scéim Ráthaíochta Creidmheasa (*CGS*) a tháinig i bhfeidhm in 2012, ráthaíocht Stáit tríd an Roinn d'iasachtóirí creidiúnaithe (Banc-Aontas na hÉireann, Banc na hÉireann agus Banc Uladh (Éire)) de 80% ar iasachtaí incháilithe nó ar bhannaí feidhmíochta d'micrifhiontair, fiontair bheaga agus meánmhéide inmharthana (FBManna). Íocann an Stát an ráthaíocht (an 'ráthóir') leis an iasachtóir ar an bpríomh-iarmhéid amuigh nár gnóthaíodh ar shaoráid scéime i gcás mainneachtain iasachtóra ar aisíocaíochtaí na saoráide scéime.

Ba iad *Capita Asset Services* oibreoir agus bainisteoir na Scéime Ráthaíochta Creidmheasa ó seoladh í ag deireadh 2012. I mí Dheireadh Fómhair 2016, mar thoradh ar chinneadh ón Rialtas maidir leis an ábhar, rinneadh oibreoir úr na Scéime Ráthaíochta Creidmheasa de Chorparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann.

Rinneadh an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa úr trí ionstraim reachtúil in 2017. Seoladh an scéim athbhreithnithe i mí Iúil 2018. Léiríonn na comhfhigiúirí sin iomlán na scéime athbhreithnithe reatha agus na scéime stairiúla dúnta. Amhail an 31 Nollaig 2019, clúdaíodh €30.2 milliún in iasachtaí amuigh i gcistí iasachtaí na Scéime Ráthaíochta Creidmheasa. I gcás mainneachtain FBM, déanfaidh an t-iasachtóir creidiúnaithe éileamh i ndáil leis an bpríomh-iarmhéid nár gnóthaíodh. B'ionann an nochtadh uasta iomlán don Roinn i ndáil le hiasachtaí amuigh amhail an 31 Nollaig 2019 agus €5.147 milliún ar an iomlán.

Íocann FBManna a bhaineann leas as an scéim préimh suas le 2% in aghaidh na bliana leis an Roinn (féach ar Nóta 4.1) agus íoctar éilimh i gcoinne na ráthaíochta le hiasachtóirí rannpháirtíocha agus íoctar as fotheideal A.9 iad. Íoctar na méideanna a íoctar chomh maith leis an *SBCI* chun an scéim a oibriú as an bhfotheideal sin chomh maith.

Tá achoimre ar na fáltais agus ar na híocaíochtaí a bhaineann leis sin leagtha amach thíos.

| | | 2019 | | 2012-2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | | €000 |
| Fáltais i ndáil le préimheanna a d'íoc FBManna | | 415 | | 2,535 |
| Caiteachas na scéime | | | | |
| Íocaíocht le lucht riaracháin scéime an *SBCI* | (341) | | (2,439) | |
| Éilimh a d'íocadh | — | | (745) | |
| Costas iomlán na scéime | | (341) | | (3,184) |
| Glanchostas na scéime | | **74** | | **(649)** |

Tá an Roinn páirteach i roinnt imeachtaí dlí ar feitheamh a bhféadfaí dliteanais a ghiniúint leo, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá méid nó uainiú iarbhír na ndliteanas ionchasach neamhchinnte.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta de réir an Fhotheidil

**Anailís ar chaiteachas riaracháin**

Rinneadh caiteachas riaracháin a chionroinnt ar fud na gclár, chun na costais iomlána cláir a léiriú.

| | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar sna meastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | | | | |
| | *Meastacháin bhunaidh* | 29,039 | | | |
| | *Meastacháin fhorlíontacha* | (448) | | | |
| | | | 28,591 | 27,262 | 26,095 |
| ii | Taisteal agus cothú | | 856 | 889 | 863 |
| iii | Foghlaim agus forbairt agus speansais theagmhasacha | | 1,300 | 1,628 | 1,660 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | 300 | 370 | 408 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | | 4,010 | 4,099 | 3,958 |
| vi | Speansais áitreabh oifige | | 980 | 771 | 745 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus athbhreithnithe beartas | | 1,300 | 755 | 1,108 |
| viii | Fógraíocht agus acmhainní faisnéise | | 250 | 223 | 87 |
| | | | **37,587** | **35,997** | **34,924** |

**Difríochtaí suntasacha**

Is é seo a leanas achoimre ar na cúiseanna le héagsúlachtaí suntasacha i gcaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

**vii Seirbhísí sainchomhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus athbhreithnithe beartais**

*Soláthar sna meastacháin: €1.3 milliún, toradh: €755,000*

Ní dheachaigh roinnt tionscadal sainchomhairleoireachta a ceadaíodh le haghaidh maoinithe in 2019 ar aghaidh mar a rabhthas ag súil leis mar gheall ar mhoilleanna/cealuithe/athbheartú tosaíochta.

## Clár A Poist agus Forbairt Fiontar

| | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar sna meastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán – pá | | | | |
| | *Meastacháin bhunaidh* | 10,114 | | | |
| | *Meastacháin fhorlíontacha* | (213) | | | |
| | | | 9,901 | 9,468 | 9,268 |
| A.2 | Riarachán-neamhphá | | 2,866 | 2,776 | 2,856 |
| A.3 | Pinsin stairiúla na Gníomhaireachta | | | | |
| | *Meastacháin bhunaidh* | 41,040 | | | |
| | *Meastacháin fhorlíontacha* | (500) | | | |
| | | | 40,540 | 39,741 | 38,912 |
| A.4 | Idir-Thrádáil Éireann | | | | |
| | *Meastacháin bhunaidh* | 9,145 | | | |
| | *Meastacháin fhorlíontacha* | 500 | | | |
| | | | 9,645 | 9,901 | 8,125 |
| A.5 | ÚFT Éireann | | | | |
| | *Meastacháin bhunaidh* | 193,670 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 20,800 | | | |
| | *Meastacháin fhorlíontacha* | (2,100) | | | |
| | | | 212,370 | 199,470 | 161,780 |
| A.6 | Deontais *NSAI*- deontas maidir le speansais riaracháin agus ghinearálta | | 6,646 | 5,854 | 6,157 |
| A.7 | Fiontraíocht Éireann | | | | |
| | *Meastacháin bhunaidh* | 153,077 | | | |
| | *Meastacháin fhorlíontacha* | (8,000) | | | |
| | | | 145,077 | 119,431 | 111,220 |
| A.8 | Forbairt fiontair áitiúil | | 37,931 | 37,931 | 33,416 |
| A.9 | Scéim um ráthaíocht chreidmheasa pháirteach shealadach | | 500 | 341 | 648 |
| A.10 | Maoiniú comhfhreagrach do *INTERREG* | | | | |
| | *Meastacháin bhunaidh* | 3,000 | | | |
| | *Meastacháin fhorlíontacha* | 1,200 | | | |
| | | | 4,200 | 4,277 | 1,031 |
| A.11 | Síntiús le heagraíochtaí idirnáisiúnta, etc. | | 1,840 | 2,122 | 1,840 |
| A.12 | Coimisiúin, coistí, agus fiosrúcháin speisialta | | 1 | — | — |
| A.13 | Costais dhlíthiúla agus seirbhísí eile | | 155 | 13 | 19 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| A.14 | Scéim iasachta d'fhás amach anseo | | | | |
| | *Meastacháin bhunaidh* | 6,000 | | | |
| | *Meastacháin fhorlíontacha* | 2,000 | | | |
| | | | 8,000 | 8,031 | 17,000 |
| A.15 | Scéim faoisimh dhaonnúil | | | | |
| | *Meastacháin bhunaidh* | 1 | | | |
| | *Meastacháin fhorlíontacha* | 59 | | | |
| | | | 60 | 6 | — |
| | | | **479,732** | **439,362** | **392,272** |

**Difríochtaí suntasacha**

Is é seo a leanas achoimre ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár A €47.424 milliún ní b'ísle ná an méid ar soláthraíodh ina leith ar dtús (géilleadh iarchurtha san áireamh). Tharla sé sin i ngeall ar an méid seo a leanas go príomha:

**A.4 Idir-Thrádáil Éireann**

*Soláthar sna meastacháin: €9.145 milliún, toradh: €9.901 milliún*

Cuimsítear an méid seo a leanas sna difríochtaí:

- €500,000 de mhaoiniú caipitil a leithdháileadh i bpróiseas na meastachán forlíontach ag deireadh 2019 le haghaidh Sheirbhís Chomhairleach Brexit ITÉ.
- méadú ar íocaíochtaí pinsin.

**A.5 ÚFT Éireann**

*Soláthar sna meastacháin: €214.47 milliún, toradh: €199.47 milliún*

Bhí an toradh €15 mhilliún níos lú ná an méid ar soláthraíodh ina leith ar dtús go príomha mar gheall ar thearc-chaitheamh €17 milliún ar an leithdháileadh maoine de bharr roinnt tosca lena n-áirítear moilleanna ar thionscadail chliant, moilleanna ar cheadanna ar phleanáil agus riachtanais bhreise maidir le suirbhéireacht láithreán. Cé go raibh coigilteas €1 mhilliún ar phá ann mar gheall ar fholúntais in 2019, bhí barrachas neamhphá €3 mhilliún ann i ndáil le feachtais idirnáisiúnta infheistíochta a bhí dírithe ar an teachtaireacht a sheachadadh go mbeidh Éire ar fáil le gnó a dhéanamh i ndiaidh Brexit.

**A.6 *NSAI*- deontais maidir le speansais riaracháin agus ghinearálta**

*Soláthar sna meastacháin: €6.646 milliún, toradh: €5.854 milliún*

Bhí an tearc-chaitheamh €792,000 mar gheall go príomha ar choigilteas ar leithdháileadh pá *NSAI* in 2019 agus léiríodh deacrachtaí agus moilleanna maidir le roinnt folúntas foirne a líonadh san Údarás.

**A.7 Fiontraíocht Éireann**

*Soláthar sna meastacháin: €153.077 milliún, toradh: €119.431 milliún*

Bhí an toradh €33.646 milliún níos lú ná an méid a soláthraíodh ina leith ar dtús mar gheall ar ranníocaíocht bhreise a rinne Fiontraíocht Éireann lena gclár caipitil féin, ar tharraingt anuas níos moille ná mar a rabhthas ag súil leis ar a Chiste Forbartha Fiontar Réigiúnach féin, ar mhoilleanna ar éilimh ar dheontais a fháil agus ar mhoilleanna sa tarraingt anuas ar a Chiste Caipiteal Síl agus Fiontair. Bhí ranníocaíocht breise Fhiontraíocht Éireann lena gclár caipitil féin mar thoradh ar mhéadú gan choinne san ioncam acmhainní dílse a ghin sé in 2019.

**A.9 Scéim um ráthaíocht chreidmheasa pháirteach shealadach**

*Soláthar sna meastacháin: €500,000, toradh: €341,000*

Sa leithdháileadh €500,000 clúdófar éilimh faoin Scéim agus costais an oibreora don bhliain. Mar oibreoir na Scéime Ráthaíochta Creidmheasa ceanglaítear ar Chorparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann árachas a bheith aige. Le linn na bliana, laghdaigh oibreoir na Scéime an cion dá chostais fhoriomlána a leithdháileadh ar an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa. Laghdaigh sin na costais oibriúcháin le haghaidh na bliana.

**A.10 Maoiniú comhfhreagrach do INTERREG**

*Soláthar sna meastacháin: €3 milliún, toradh: €4.277 milliún*

D'fhéadfadh fadhbanna a bheith le réamhaisnéis chruinn INTERREG toisc gur clár ilbhliantúil (seacht mbliana) é agus tá Comhlacht na gClár Speisialta AE (SEUPB, an t-údarás bainistíochta) ag obair le blianta cuntasaíochta difriúla nach dtagann le chéile. Bhí na tionscadail sna blianta tosaigh den bhabhta reatha den chlár mall ag tosú mar gheall ar an neamhchinnteacht pholaitiúil maidir le Brexit. Bhí éifeacht iarmhartach aige sin ar tharraingt anuas cistí. Cé go bhfuil na tionscadail ar fad faoi lánseol anois, mar gheall ar an moill b'éigean an maoiniú a theastaíonn sna blianta deireanacha den chlár a mhéadú. Níor tháinig athrú ar bith, áfach, ar cheangaltas maoinithe iomlán na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta de €21 milliún le haghaidh na tréimhse seacht mbliana den chlár reatha.

**A.11 Síntiús le heagraíochtaí idirnáisiúnta, etc.**

*Soláthar sna meastacháin: €1.84 milliún, toradh: €2.122 milliún*

Bhí méadú ar tháille bhallraíochta na hÉireann a íocadh leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT) toisc go ríomhtar an táille ar bhonn sciar baill de luach iomlán na trádála, agus i gcás na hÉireann tá sé sin ag méadú i gcónaí.

**A.13 Costais dhlíthiúla agus seirbhís eile**

*Soláthar sna meastacháin: €155,000, toradh: €13,000*

Is stuama é go gcuirfear na vóta bainistíochta leibhéal éigin maoinithe teagmhasaí a chur ar fáil i gcás go dtiocfadh costais gan choinne chun cinn le linn na bliana. Mar a tharla sé, bhí an leibhéal iarbhír de chaiteachas teagmhasach ní b'ísle ná mar a measadh.

**A.14 Scéim Iasachta d'Fhás Amach Anseo**

*Soláthar sna meastacháin: €6 milliún, toradh: €8.031 milliún*

Léiríonn an caiteachas breise €2.031 milliún go raibh glacadh na Scéime Iasachta d'Fhás Amach Anseo i bhfad ní ba mhó nach mar a bhí measta.

## Clár B Nuálaíocht

| | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar sna meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán – pá | | 7,664 | 7,290 | 6,933 |
| B.2 | Riarachán-neamhphá | | 2,674 | 2,443 | 2,657 |
| B.3 | Oifig na bPaitinní | | 3,033 | 3,165 | 2,899 |
| B.4 | An Clár um Fhorbairt Eolaíochta agus Teicneolaíochta | | | | |
| | *Meastacháin bhunaidh* | 316,674 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 6,800 | | | |
| | *Meastacháin fhorlíontacha* | 2,550 | | | |
| | | | 326,024 | 326,034 | 317,362 |
| B.5 | Clár Taighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (*PRTLI*) | | | | |
| | *Meastacháin bhunaidh* | 24,300 | | | |
| | *Meastacháin fhorlíontacha* | 1,999 | | | |
| | | | 26,299 | 26,299 | 18,300 |
| B.6 | Síntiús le heagraíochtaí idirnáisiúnta, etc. | | | | |
| | *Meastacháin bhunaidh* | 23,934 | | | |
| | *Meastacháin fhorlíontacha* | 6,730 | | | |
| | | | 30,664 | 30,556 | 20,543 |
| B.7 | Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta | | 1 | — | — |
| B.8 | Costais dhlíthiúla agus seirbhísí eile | | 160 | 4 | 3 |
| B.9 | Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha | | 20,000 | 15,415 | — |
| | | | **416,519** | **411,206** | **368,697** |

**Difríochtaí suntasacha**

Is é seo a leanas achoimre ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár B €5.966 milliún ní ba mhó ná an méid ar soláthraíodh ina leith ar dtús (géilleadh iarchurtha san áireamh). Tharla sé sin i ngeall ar an méid seo a leanas go príomha:

**B.5 Clár Taighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTLI)**

*Soláthar sna meastacháin: €24.3 milliún, toradh: €26.299 milliún*

Baineadh leas as maoiniú breise €1.999 milliún chun dliteanais amuigh a bhí dlite faoi thimthriall 5 den Chlár PRTLI a scaoileadh.

**B.6 Síntiús le heagraíochtaí idirnáisiúnta, etc.**

*Soláthar sna meastacháin: €23.934 milliún, toradh: €30.556 milliún*

. Bhí an €6.6 milliún sa bhreis mar gheall ar sholáthar breise €5 mhilliún a cuireadh ar fáil le tacú le cláir faoin nGníomhaireacht Eorpach Spáis agus €1.7 milliún sa bhreis a cuireadh ar fáil chun tacú le cláir bhreise faoin Réadlann Eorpach sa Leathsféar Theas. Rinneadh an barrachas sin a fhritháireamh ábhairín le tearc-chaitheamh €100,000 ar roinnt eagraíochtaí eile e.g. an Chomhdháil Eorpach um Bitheolaíocht Mhóilíneach.

**B.8 Costais dhlíthiúla agus seirbhísí eile**

*Soláthar sna meastacháin: €160,000, toradh: €4,000*

Bainistiú stuama maidir le vóta is ea leibhéal éigin de mhaoiniú teagmhasach a chur ar fáil i gcás go dtiocfadh aon chostais gan choinne chun cinn le linn na bliana. Mar a tharla sé, bhí an leibhéal iarbhír de chaiteachas teagmhasach i bhfad ní b'ísle ná mar a measadh.

**B.9 Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha**

*Soláthar sna meastacháin: €20 milliún, toradh: €15.415 milliún*

Is ceann de na cistí ceannlíne é an ciste seo a sainaithníodh faoin bPlean Forbartha Náisiúnta. Dírítear an ciste a bhí beartaithe bheith ina chiste €500 milliún thar shaolré an PFN, ar shamhlacha gnó a athrú ó bhonn tríd an teicneolaíocht i réimse leathan réimsí agus disciplíní agus díreofar é ar chomhoibriú a spreagadh idir bonn taighde agus tionscail na hÉireann. Mar gheall ar chineál casta an chiste seo, a bhfuil baint ag os cionn 100 comhpháirtí leis, ghlac plé faoi chonarthaí ní b'fhaide ná mar a rabhthas ag súil leis. Dá réir sin, níor cuireadh tús le roinnt tionscadal in 2019 mar a bhí beartaithe.

## Clár C Rialachán

| | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar sna meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| C.1 | Riarachán – pá | | | | |
| | *Meastacháin bhunaidh* | 11,261 | | | |
| | *Meastacháin fhorlíontacha* | (235) | | | |
| | | | 11,026 | 10,504 | 9,894 |
| C.2 | Riarachán-neamhphá | | 3,456 | 3,516 | 3,316 |
| C.3 | An Clár um Chaidreamh san Áit Oibre | | | | |
| | *Meastacháin bhunaidh* | 19,120 | | | |
| | *Meastacháin fhorlíontacha* | (1,115) | | | |
| | | | 18,005 | 18,066 | 17,554 |
| C.4 | Deontais i gcomhair seirbhísí oideachais agus comhairleacha ceardchumann - teoranta ó thaobh airgid thirim de | | 900 | 900 | 900 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| C.5 | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta - deontais maidir le speansais riaracháin agus ghinearálta | | | | |
| | *Meastacháin bhunaidh* | 19,783 | | | |
| | *Meastacháin fhorlíontacha* | (375) | | | |
| | | | 19,408 | 19,297 | 19,075 |
| C.6 | Cumaisc cheardchumann | | 60 | — | — |
| C.7 | Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach | | | | |
| | *Meastacháin bhunaidh* | 6,057 | | | |
| | *Meastacháin fhorlíontacha* | (1,400) | | | |
| | | | 4,657 | 4,300 | 3,702 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| C.8 | An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí | | | | |
| | *Meastacháin bhunaidh* | 12,577 | | | |
| | *Meastacháin fhorlíontacha* | (500) | | | |
| | | | 12,077 | 11,842 | 11,457 |
| C.9 | An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta | | | | |
| | *Meastacháin bhunaidh* | 115 | | | |
| | *Meastacháin fhorlíontacha* | 251 | | | |
| | | | 366 | 408 | 42 |
| C.10 | Tacaíocht do Thomhaltóirí | | 70 | 67 | 44 |
| C.11 | An Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus Cláraitheoir na gCara-Chumann – deontais maidir le speansais riaracháin agus ghinearálta | | | | |
| | *Meastacháin bhunaidh* | 7,875 | | | |
| | *Meastacháin fhorlíontacha* | (850) | | | |
| | | | 7,025 | 7,064 | 7,130 |
| C.12 | Údarás Náisiúnta Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann | | 2,112 | 1,442 | 1,234 |
| C.13 | Síntiús le heagraíochtaí idirnáisiúnta, etc. | | 1,320 | 1,118 | 1,116 |
| C.14 | Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta | | 256 | 80 | 79 |
| C.15 | Costais dhlíthiúla agus seirbhísí eile | | 849 | 96 | 458 |
| | | | **81,587** | **78,700** | **76,001** |

**Difríochtaí suntasacha**

Is é seo a leanas achoimre ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár C €7.111 milliún ní b’ísle ná an méid ar soláthraíodh ina leith ar dtús. Tharla sé sin i ngeall ar an méid seo a leanas go príomha:

**C.3 An Clár um Chaidreamh san Áit Oibre**

*Soláthar sna meastacháin: €19.12 milliún, toradh: €18.066 milliún*

Bhí an tearc-chaitheamh €1.054 milliún mar gheall ar roinnt tosca lena n-áirítear iad seo a leanas:

- bhí tearc-chaitheamh i ndáil leis an aoisliúntas agus na pinsin do bhaill na Cúirte Oibreachais mar gheall ar sholáthar arna dhéanamh i gcomhair íocaíocht na bpinsin agus na n-aiscí i ndáil le baill a bhí incháilithe i leith éirigh as ach a chinn gan éirí as in 2019.
- bhí tearc-chaitheamh i ndáil leis an gCúirt Oibreachais mar gheall ar na deacrachtaí a bhain le roinnt folúntas a líonadh a tháinig chun cinn le linn na bliana.
- le bunú an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre i mí Dheireadh Fómhair 2015, scoir an Binse Achomhairc Fostaíochta (BAF) d’éilimh agus d’achomhairc úra a ghlacadh. Chuir páirtí amháin nó an dá pháirtí na cásanna stairiúla sin siar mar gheall ar imeachtaí sna hArd-Chúirteanna, a chur srian ar BAF na cásanna sin a chur i gcrích, rud a raibh tearc-chaitheamh in 2019 mar

thoradh air.

- in 2019 tháinig coigilteas pá an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre chun cinn mar gheall ar mhoill ar earcaíocht breithneoirí, folúntais foirne agus teacht an Gharda Síochána laistigh de shainchúram an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre ní ba mhoille ná mar a rabhthas ag súil leis.

**C.7 Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach**

*Soláthar sna meastacháin: €6.057 milliún, toradh: €4.3 milliún*

Bhí an tearc-chaitheamh €1.76 milliún mar gheall ar roinnt baill foirne a d'éirigh as agus ar mhoilleanna maidir le baill foirne a fháil in ionad na mball foirne a aistríodh amach as an OSFC. Lena chois sin, sa leithdháileadh neamhphá don bhliain bhí tearc-chaitheamh i ndáil le costais dhlíthiúla a bhain le cás-obair. Bhí na costais a tháinig chun cinn le linn na bliana maidir leis sin ní b'ísle ná mar a rabhthas ag súil leis cé go mbeidh cuid acu le híoc in 2020. Lena chois sin, rinneadh soláthar i leithdháileadh 2019 na hOifige i leith bhunú an OSFC mar ghníomhaireacht neamhspleách reachtúil. Mar gheall ar an moill ar chur chun cinn na reachtaíochta tríd an Oireachtas maidir leis an nGníomhaireacht úr a bhunú ar bhonn reachtúil, níor theastaigh an soláthar leithdháilte in 2019.

**C.8 An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí**

*Soláthar sna meastacháin: €12.577 milliún, toradh: €11.842 milliún*

Áirítear leis an tearc-chaitheamh €735,000 coigilteas ar phá mar gheall ar dheacrachtaí folúntais a líonadh agus ar roinnt ball foirne ar iasacht a chuaigh ar ais chuig a máthairchuideachta. Frithháiríodh an tearc-chaitheamh seo méid éigin le barrachas caiteachais i gcostais riaracháin neamhphá, a tharla go príomha mar gheall ar chumarsáid a bhain le Brexit, nuashonruithe TFC, caiteachas breise ar chásanna dlíthiúla agus méadú ar chostais chíosa.

**C.9 An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta**

*Soláthar sna meastacháin: €115,000, toradh: €408,000*

Tháinig an barrachas €293,000 chun cinn mar gheall ar roinnt daoine a chuaigh ar scor nach rabhthas ag súil leis le linn 2019 agus nár cuireadh san áireamh i leithdháileadh an Bhoird do 2019.

**C.11 An Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus Cláraitheoir na gCara-Chumann**

Soláthar sna meastacháin: €7.875 milliún, toradh: €7.064 milliún

Bhain an tearc-chaitheamh €811,000 le coigilteas €273,000 i bpá agus €538,000 i neamhphá. Bhí an tearc-chaitheamh pá €273,000 mar gheall go príomha ar dheacrachtaí agus ar mhoilleanna maidir le hearcaíocht. Bhí an tearc-chaitheamh pá €538,000 mar gheall go príomha ar roinnt tosca lena n-áirítear:

- an mhoill ar chur chun feidhme an Chláir um Úinéireacht Thairbhiúil
- moilleanna ar Thionscadal um Athnuachan TFC na hOifige a chur chun cinn
- coigilteas i réimsí amhail glanadh/slándáil, fógraíocht agus litreacha um fhorfheidhmiú.

**C.12 Údarás Náisiúnta Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann**

*Soláthar sna meastacháin: €2.112 milliún, toradh: €1.442 milliún*

Bhí an tearc-chaitheamh €670,000 mar gheall go raibh an meastachán bunaithe ar líon iomlán ball foirne a bheith ag *IAASA* chun a fheidhmeanna reachtúla a dhéanamh. Mar sin féin, bhí moilleanna ann maidir le gráid áirithe foirne a earcú in 2019, rud a raibh coigilteas ar an

bhfotheideal mar thoradh air.

**C.13 Síntiús le heagraíochtaí idirnáisiúnta, etc.**

*Soláthar sna meastacháin: €1.32 milliún, toradh: €1.118 milliún*

Íoctar an ranníocaíocht i gcomhair bhallraíocht na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair i bhFrancanna na hEilvéise agus bhí coigilteas mar thoradh ar ráta malairte lag i gcoinne an Euro.

**C.14 Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta**

*Soláthar sna meastacháin: €256,000, toradh: €80,000*

Tháinig an tearc-chaitheamh €176,000 chun cinn go príomha mar gheall ar:

- bhí tearc-chaitheamh €66,000 ann mar gheall ar ghníomhaíocht laghdaithe ag na Comhchoistí Oibreachais
- níor athbhunaíodh Grúpa Athbhreithnithe an Dlí Cuideachtaí ach i mí Iúil 2018 agus tháinig laghdú ina dhiaidh sin ar an líon cruinnithe iomlánacha agus an líon cruinnithe fochoistí. Bhí tearc-chaitheamh €64,000 mar thoradh air sin mar aon le coigilteas i gcostas na hoibre um thaighde dlíthiúil
- bhí tearc-chaitheamh eile €46,000 mar thoradh ar choigilteas ilghnéitheach ag an nGrúpa Rialaithe Gnó, Grúpa Athbhreithnithe an Dlí um Dhíolacháin, an Tionscnaimh um Thodhchaí na hOibre (tionscadail taighde de chuid *EAT*) agus Fiosrúcháin maidir leis an Dlí Cuideachtaí.

**C.15 Costais dhlíthiúla agus seirbhísí eile**

*Soláthar sna meastacháin: €849,000, toradh: €96,000*

Bainistiú stuama maidir le vóta is ea leibhéal éigin de mhaoiniú teagmhasach a chur ar fáil i gcás go dtiocfadh aon chostais gan choinne chun cinn le linn na bliana. Mar a tharla sé, bhí an leibhéal iarbhír de chaiteachas teagmhasach i bhfad ní b’ísle ná mar a measadh.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí i gcabhair

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Cearta Fostaíochta agus Caidreamh Tionsclaíoch** | | | | |
| 1 | Fáltais ón gCiste Árachais Shoisialta | 250 | 162 | 379 |
| 2 | Táillí ceada fostaíochta | 11,000 | 13,517 | 10,761 |
| 3 | Ceadúnais ghníomhaireachtaí fostaíochta | 355 | 411 | 396 |
| 4 | Fógraí um pionós seasta an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre | 22 | 6 | 16 |
| 5 | Costais dhámhachtainí cúirte an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre | 20 | 26 | 15 |
| **Dlí Árachais agus Cuideachtaí** | | | | |
| 6 | An Oifige um Chlárú Cuideachtaí | 16,200 | 17,567 | 19,189 |
| 7 | Clárlann na gCara-Chumann | 45 | 46 | 43 |
| **Cearta Trádála, Iomaíochta agus Margaidh** | | | | |
| 8 | Fáltais faoi Acht na Trádmharcanna 1963 agus Acht na bPaitinní 1964 | 9,000 | 9,873 | 9,858 |
| 9 | Ceadúnais trádála ócaidí | 1 | — | — |
| 10 | An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí | 508 | 523 | 550 |
| 11 | Fógraí um chumasc | 320 | 376 | 752 |
| **Eile** | | | | |
| 12 | OSFC dlíthiúil | 50 | 1 | 8 |
| 13 | Ilghnéitheach | 200 | 326 | 998 |
| 14 | Beartas fiontraíochta [a] | 5,675 | 5,764 | 3,568 |
| 15 | An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí [b] | 2,077 | 1,884 | 1,591 |
| 16 | Aoisliúntas *PIAB* | 1,133 | 1,129 | 1,189 |
| 17 | Aoisliúntas ÚSS | 306 | — | 176 |
| 18 | Scéim um Ráthaíocht Iasachta Sealadaí | 500 | 415 | 524 |
| 19 | Sainghrúpa maidir le Riachtanais Scileanna Amach Anseo | 507 | 453 | 460 |
| 20 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair na seirbhíse poiblí [c] | 5,103 | 6,498 | 7,252 |
| | **Iomlán** | **53,272** | **58,977** | **57,725** |

Nótaí

[a] Léirítear leis an mBeartas Fiontraíochta méideanna a fuarthas ó ghníomhaireachtaí fiontraíochta reatha agus ó chinn a bhí ann cheana i ndáil le ranníocaíochtaí pinsin foirne agus aisíocaíocht *INTERREG*-CRFE. Is iad na gníomhaireachtaí Idir-Thrádáil Éireann, ÚFT, Fiontraíocht Éireann, FEÉ agus an iar-*SFADCo*.

[b] Tá na fáltais faoin líne seo mar pháirt-íocaíocht den chaiteachas faoi fhotheideal C.8.

[c] Baineann figiúr 2018 le hasbhaintí a bhaineann le pinsin. Cuireadh ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ina n-ionad ón 1 Eanáir 2019.

**Difríochtaí suntasacha**

Ar an iomlán, b'ionann na leithreasaí i gcabhair agus €5.705 milliún níos mó ná an méid a bhí measta ar dtús. Tá míniúcháin ar na difríochtaí leagtha amach thíos:

**2 Táillí ceada fostaíochta**

*Meastachán: €11 mhilliún, réadaithe: €13.517 milliún*

Bhí an barrachas €2.517 milliún i bhfáltais mar gheall go raibh méadú thart ar 22% ar líon na gceadanna a eisíodh. Tháinig méadú 13% chomh maith ar na hiarratais a fuarthas i gcomparáid le 2018. Léiríonn sé sin an t-éileamh atá ag fás ón tionscal maidir le ganntanais scileanna a chomhlíonadh.

**6 An Oifig um Chlárú Cuideachtaí**

*Meastachán: €16.2 milliún, réadaithe: €17.567 milliún*

Bhí an barrachas €1.367 milliún d'fháltais mar gheall ar roinnt cúiseanna le chéile, méadú ar chuideachtaí a bheith á gcorprú go príomha le chéile le leibhéal níos airde comhlíontachta.

**8 Fáltais faoi Acht na dTrádmharcanna 1963 agus Acht na bPaitinní 1964**

*Meastachán: €9 milliún, réadaithe: €9.873 milliún*

Bhí an méadú €873,000 mar gheall go príomha ar ioncam táillí ó athnuachan na n-iarratas ar phaitinní Eorpacha a bhí ní ba mhó ná mar a rabhthas ag súil leis.

**13 Ilghnéitheach**

*Meastachán: €200,000, réadaithe: €326,000*

Mar gheall ar chineál casta na bhfáltas ilghnéitheach tá sé deacair fáltais dá leithéid a mheas go cruinn in aon bhliain amháin ar bith. Bhain cion suntasach de na fáltais (€179,587) le Rannpháirtíocht Oifig na bPaitinní i roinnt gníomhaíochtaí agus clár um chomhar de chuid Oifig Eorpach na bPaitinní agus Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh.

**15 An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (*CCPC*)**

*Meastachán: €2.077 milliún, réadaithe: €1.884 milliún*

Bhí an t-easnamh €275,000 mar gheall go príomha ar thabhairt ar aghaidh barrachais shuntasaigh de chistí tobhaigh a bailíodh in 2018. Foráiltear leis an reachtaíocht lena bhforáiltear i leith forchur tobhach leis an *CCPC* (an tAcht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010) i leith easnamh nó barrachas ar bith a thabhairt ar aghaidh ó bhliain amháin go bliain eile. Fritháiríodh an t-easnamh le méadú €82,000 ar chostais phárolla mar gheall ar an ngá baill foirne breise a earcú lena gcur in ionad na mball foirne a chuaigh ar ais chuig an mBanc Ceannais.

**17 Aoisliúntas ÚSS**

*Meastachán: €306,000, réadaithe: €nialas*

Tháinig an t-easnamh chun cinn mar nár tharchuir an ÚSS ranníocaíocht aoisliúntais ar bith chuig an Roinn in 2019. D'éirigh roinnt daoine as san Údarás le linn na bliana agus d'úsáid sé na ranníocaíochtaí aoisliúntais a bhí le tarchur chuig an Roinn chun cnapshuimeanna na ndaoine a d'éirigh as a mhaoiniú.

**20 Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair na seirbhísí poiblí**

*Meastachán: €5.103 milliún, toradh: €6.498 milliún*

Laghdaíodh soláthar mheastachán 2019 ó sholáthar 2018 mar nach mbaineann an ranníocaíocht aoisliúntais breise (*ASC*), a tháinig in ionad an *PRD*, ach le luach saothair inphinsin seachas leis an luach saothair uile mar a bhí amhlaidh don *PRD*. Lena chois sin, gabhann níos mó bannaí tairsí ranníocaíochtaí athraitheacha leis an *ASC*, a rabhthas ag súil leis go mbeadh torthaí laghdaithe mar thoradh orthu freisin. Sháraigh an méid iarbhír a bailíodh an méid lena rabhthas ag súil mar gheall ar mhéaduithe ar líon na ndaoine a bhí fostaithe ag an Roinn/na gníomhaireachtaí agus na rátaí laghdaithe folúntas a bhí mar thoradh air sin.

## 4.2 Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste

| | 2019 €000 | 2018 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | — | 190 |
| Oifigí Fiontair Áitiúla – reatha [a] | 131 | 89 |
| Oifigí Fiontair Áitiúla - caipiteal | — | 2 |
| An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (*PIAB*) [b] | 9,000 | — |
| *IAASA* – forchúiteamh párolla breise | — | 180 |
| Ilghnéitheach | — | 8 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (9,131) | (469) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | — | — |

Nótaí: [a] Oifigí Fiontair Áitiúla – reatha: bhain sé sin le cistí nár úsáideadh le haghaidh fhotheideal A.8 agus airgead pinsin OFÁ in 2018.

[b] Gineann an *PIAB* a ioncam maoinithe ó tháillí a ghearrtar ar éilitheoirí agus ar fhreagróirí. I gcomhréir le moladh ó iniúchadh, leagadh amach san Acht *PIAB* (Leasú) 2019 an beartas maidir le chúlchistí ioncaim nach mór do *PIAB* cloí leis. Ceanglaítear san Acht chomh maith ar *PIAB* airgead sa bhreis ar a chúlchiste atá leagtha síos a chur isteach chuig an Aire chun sochair an státchiste. Roimh an gcinneadh deiridh ar thairseach chúlchistí ioncaim riachtanacha *PIAB*, cuireadh suim €9 milliún ar aghaidh chuig an Roinn mar aitheantas ar oibleagáid dhlíthiúil *PIAB* faoi Acht 2019.

# Nóta 5 Soláthar foirne agus Luach Saothair

## 5.1 Líon fostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | | |
| Gníomhaireachtaí agus oifigí: | | |
| Roinn | 475 | 468 |
| Oifig na bPaitinní | 42 | 43 |
| An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre | 174 | 175 |
| Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach | 35 | 39 |
| An Oifige um Chlárú Cuideachtaí | 115 | 106 |
| An Chúirt Oibreachais | 31 | 31 |
| | **872** | **862** |
| Gníomhaireachtaí [a] | 1,615 | 1,543 |
| | **2,487** | **2,405** |

[a] Áirítear leis fostaithe an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, gníomhaireacht stáit neamhthráchtála nach bhfaigheann, seachas soláthar pinsin, maoiniú díreach ón Státchiste.

## 5.2 Pá

**Roinn, Oifigí agus Gníomhaireachtaí**

| | 2019<br>€000 | 2018<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 164,724 | 157,074 |
| Liúntas maidir le hard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 2,467 | 867 |
| Liúntais eile | 3,450 | 2,535 |
| Ragobair | 896 | 436 |
| ÁSPC an Fhostóra | 11,764 | 9,196 |
| **Pá iomlán** | **183,301** | **170,108** |

Baineann na socruithe luach saothair dá dtagraítear le gné phá Fhotheidil A.1, A.4, A.5, A.6, A.7, B.1, B.3, B.4, C.1, C.3, C.5, C.7 C.8, C.11 agus C.12.

## 5.3 Roinn

| | 2019<br>€000 | 2018<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá [a, b] | 44,865 | 43,514 |
| Liúntas maidir le hard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 671 | 705 |
| Liúntais eile | 750 | 905 |
| Ragobair | 342 | 282 |
| ÁSPC an Fhostóra | 3,186 | 2,915 |
| **Pá iomlán [c]** | **49,814** | **48,321** |

**Nóta**

[a] Áirítear leis íocaíochtaí pinsin le 25 iarbhall den Chúirt Oibreachais, den Údarás Iomaíochta agus den Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí (ar a dtugtar an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí anois).

[b] Ní áirítear leis táillí a íocadh le sealbhóirí oifige nach fostaithe iad de chuid na Roinn e.g. breithneoirí

[c] Áirítear leis an bpá iomlán pá riaracháin (A.1, B.1 agus C.1) agus gnéithe pá Oifigí na Roinne (B.3, C.3, C.7 agus C.11). Tagraíonn an méid a luaitear le haghaidh pá i Nóta 1 d'fhotheidil riaracháin amháin.

## 5.4 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre – baill foirne na Roinne

| | **Líon na bhfaighteoirí** | **Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó** | **Íocaíocht aonair iomlán is airde 2019<br>€** | **Íocaíocht aonair iomlán is airde 2018<br>€** |
|---|---|---|---|---|
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 104 | 8 | 48,086 | 44,088 |
| Liúntais eile | 81 | 12 | 79,911 | 95,675 |
| Ragobair | 157 | 7 | 18,207 | 12,119 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 26 | 11 | 47,240 | 45,225 |

## 5.5 Gníomhaireachtaí

Is iad na gníomhaireachtaí atá san áireamh anseo, an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, Fiontraíocht Éireann, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, an tÚdarás Forbartha Tionscail, an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, Idir-Thrádáil Éireann, Údarás Náisiúnta Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann.

Ní ionann caiteachas pá na ngníomhaireachtaí agus idirbhearta airgeadais díreacha na Roinne agus mar sin ní choinníonn an Roinn faisnéis mhionsonraithe faoi phá agus faoi liúntais i ndáil le baill foirne de chuid gníomhaireachtaí. Tá faisnéis mhionsonraithe maidir le líon agus pá na bhfostaithe i gcás ghníomhaireachtaí na Roinne ar fáil ó na tuarascálacha bliantúla/tuarascáil bhliantúil airgeadais iomchuí nó go díreach ó na gníomhaireachtaí atá i gceist.

| | **2019**<br>**€000** | **2018**<br>**€000** |
|---|---:|---:|
| Pá | 119,859 | 113,560 |
| Liúntais i leith ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 1,796 | 162 |
| Liúntais eile | 2,700 | 1,630 |
| Ragobair | 554 | 154 |
| ÁSPC an Fhostóra | 8,578 | 6,281 |
| **Pá iomlán** | **133,487** | **121,787** |

## 5.6 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre- baill foirne na Gníomhaireachta

| | Líon na bhfaight-eoirí | Faight-eoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Íocaíocht aonair iomlán is airde 2019 € | Íocaíocht aonair iomlán is airde 2018 € |
|---|---|---|---|---|
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 53 | 4 | 44,212 | 34,977 |
| Liúntais eile | 269 | 27 | 31,462 | 33,662 |
| Ragobair | 59 | 4 | 27,803 | 24,862 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 7 | 2 | 16,757 | 25,393 |

## 5.7 Socruithe Luach Saothair eile

Cuireadh carr cuideachta ar fáil do POF Fhiontraíocht Éireann.

Tá caiteachas €45,367 san áireamh sa chuntas seo maidir le haon oifigeach amháin a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn i gcomhair 2019 agus ar íoc an Roinn a thuarastal.

## 5.8 Ró-íocaíochtaí párolla

| | Líon na bhfaighteoirí | 2019 € | 2018 € |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí | 85 | 235,712 | 256,243 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 4 | 4,697 | 1,914 |

Aistríodh ceithre phlean um aisghabháil ró-íocaíochta, i dtaobh trí dhuine dar luach €4,697, chuig an Údarás Clárúcháin Maoine, an Oireachtas agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Nuálaíochta Trádála le linn na bliana.

## 5.9 Scaoilíocaíochtaí/iomarcaíocht

Ní dhearna an Roinn aon scaoilíocaíochtaí nó iomarcaíochta in 2019.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Maoiniú ón AE

Chomh maith le deontais ón vóta, fuair an Roinn, Oifig na bPaitinní agus na comhlachtaí seo a leanas atá faoi choimirce na Roinne cabhair AE go díreach in 2019 mar atá taispeánta thíos:

| Fo-theideal | Cur síos | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | Toradh | Toradh |
| | | € | € |
| A.4 | Idir-Thrádáil Éireann | 395,528 | 609,237 [a] |
| A.10 | Maoiniú comhfhreagrach do *INTERREG* | 2,215,347 | 878,029 [a] |
| B.3 | Oifig na bPaitinní | 269,635 | 243,557 |
| B.4 | Fondúireacht Eolaíochta Éireann | 249,314 | 328,008 |
| B.4 | Fiontraíocht Éireann | 4,287,024 | 890,188 [a] |
| C.5 | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta | 16,528 | 6,916 |
| | | **7,433,376** | **2,955,935** |

**Nóta** [a] figiúirí athshonraíodh le haghaidh 2018

### 6.2 Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta

| | Dáta bunaithe | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | Toradh | Toradh |
| | | € | € |
| **Buan/oscailte** | | | |
| Comhchoistí Oibreachais | 1946 | 16,809 | 7,169 |
| An Grúpa Athbhreithniú ar an Dlí Cuideachtaí | 2000 | 36,658 | 59,447 |
| An Tionscnamh um Thodhchaí na hOibre | 2017 | 13,769 | 1,260 |
| Grúpa Athbhreithnithe an Dlí um Dhíolacháin | 2009 | — | 72 |
| Coiste Iniúchóireachta na Roinne | 2004 | 2,771 | 5,400 |
| An Grúpa Rialála Gnó | 2006 | 10,186 | 11,287 |
| | | **80,193** | **84,635** |

## 6.3 Cúiteamh agus costais dhlíthiúla

| | | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon na gcásanna | Costais dlí arna n-íoc ag an Roinn | Costais dhlíthiúla a dámhadh | Cúiteamh a dámhadh | Iomlán | Iomlán |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Éilimh a rinne fostaithe i gcoinne:** | | | | | | |
| Roinn | 1 | — | — | 5 | 5 | 199 |
| **Éilimh ó bhaill den phobal i gcoinne:** | | | | | | |
| An Cúirt Oibreachais | 1 | 15 | _ | — | 15 | 308 |
| Ceadanna fostaíochta | 2 | — | _ | 57 | 57 | 107 |
| An Oifige um Chlárú Cuideachtaí | — | — | — | — | — | 58 |
| | **4** | **15** | **—** | **62** | **77** | **672** |

## 6.4 An tobhach fostaíochta agus oiliúna

Cuireadh deireadh leis an Tobhach Fostaíochta agus Oiliúna a bhí socraithe ag 1% d'ioncam iomlán duine aonair le roinnt eisceachtaí, le héifeacht ón 6 Aibreán 1999. Faigheann an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta méideanna a bhaineann le híocaíochtaí stairiúla an tobhaigh fós. Bailíonn Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim an tobhach Fostaíochta agus Oiliúna agus íoctar anonn leis an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta é gach mí. Íoctar an t-airgead ansin leis an Státchiste.

Ráiteas um íocaíochtaí a rinneadh i gcomhréir le hAlt 25 (1) den Acht um Áiseanna Saothair 1987.

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Faighte ó na Coimisinéirí Ioncaim | 25,963 | — |
| Íocadh isteach sa Státchiste. | 25,963 | — |

## Aguisín A Cuntais comhlachtaí agus cistí atá faoi choimirce na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta

Sa tábla seo déantar liosta de na comhlachtaí a bhí faoi choimirce na Roinne agus i gcás go bhfuil oibleagáid ar an Roinn na ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais is déanaí a iniúchadh agus an uair ar cuireadh i láthair an Oireachtais iad.

| Ciste Comhlachta / Roinne | Tréimhse chuntas-aíochta dheir-eanach | Dáta thuarascáil an iniúchta | Dáta a fuair an tAire / Roinn í | Dáta ar cuireadh i láthair an Oireachtais í |
|---|---|---|---|---|
| ÚFT Éireann | 2018 | 31 Beal 2019 | 31 Beal 2019 | 25 Meith 2019 |
| An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann | 2018 | 18 Meith 2019 | 18 Meith 2019 | 28 Meith 2019 |
| Fiontraíocht Éireann | 2018 | 21 Meith 2019 | 24 Meith 2019 | 29 Iúil 2019 |
| Fondúireacht Eolaíochta Éireann | 2018 | 26 Meith 2019 | 2 Iúil 2019 | 18 Iúil 2019 |
| An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta | 2018 | 24 Deireadh Fómhair 2019 | 16 Noll 2019 | 19 Noll 2019 |
| An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí | 2018 | 30 Meán Fómhair 2019 | 15 Deireadh Fómhair 2019 | 24 Deireadh Fómhair 2019 |
| An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta | 2018 | 4 Meith 2019 | 13 Meith 2019 | 15 Iúil 2019 |
| Údarás Náisiúnta Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann | 2018 | 31 Beal 2019 | 10 Iúil 2019 | 17 Iúil 2019 |
| Idir-Thrádáil Éireann | 2018 | 5 Iúil 2019 | 8 Iúil 2019 | 29 Samhain 2019 |